Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2019 (OR. en)**

**12693/19**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0216(COD)**
**2018/0217(COD)**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 475**
**AGRILEG 165**
**AGRIFIN 58**
**AGRISTR 57**
**AGRIORG 59**
**CODEC 1442**
**CADREFIN 335**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR1 + ADD1<br>9634/18 + COR1 + ADD1<br>9556/18 + REV1 (en, de, fr) + COR1 |
| Ábhar: | An pacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020<br>a) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna ndréachtú ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>b) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013<br>c) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach<br>– Páipéar ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha |

Agus ullmhúchán á dhéanamh don Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 14-15 Deireadh Fómhair 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, páipéar ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha faoin ábhar thuasluaite, lena n-áirítear ceist a bheidh ina cuidiú chun díospóireacht na n-airí a threorú.

Iarrfar ar na toscaireachtaí, ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht ar an 7 Deireadh Fómhair 2019, an cheist a fhormhuiniú agus a réamhbharúlacha ina leith a roinnt, gan dochar do dhíospóireacht na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

## STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN ATHCHÓIRIÚ CBT

Agus leath bealaigh sroichte againn in Uachtaránacht na Fionlainne, is mithid dúinn ár marana a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo maidir leis an bpacáiste um athchóiriú CBT agus na hábhair sin nár mhór tuilleadh oibre a dhéanamh ina leith, mar a thuigtear don Uachtaránacht é, a shainaithint. Is é cuspóir an pháipéir seo cur síos a dhéanamh ar an staid mar atá maidir le gach ceann de na Rialacháin maidir le CBT agus trácht a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile i ndáil leis na míonna amach romhainn.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine araon, agus tá plé go leor déanta ó shin ag an gComhairle agus ag comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ón uair a cuireadh an togra faoi bhráid Uachtaránacht na Bulgáire. Ar bhonn na hoibre sin, leanfaidh Uachtaránacht na Fionlainne den phlé teicniúil agus den phlé polaitiúil araon i ndáil leis na trí Rialachán. Tá achoimre, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach.

Tá sé beartaithe ag an uachtaránacht leanúint den phlé teicniúil ar na gnéithe a liostaítear san Iarscríbhinn agus leas a bhaint as an dá chruinniú a bheidh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Samhna agus i mí na Nollag chun an uaillmhian is airde ó thaobh an chomhshaoil de, i ndáil leis an CBT agus an tSamhail nua Seachadta, a phlé.

Anuas air sin, tá sé beartaithe ag an uachtaránacht moltaí dréachtúcháin nuashonraithe a thíolacadh go luath i mí na Nollag maidir leis na trí Rialachán.

I bhfianaise an dul chun cinn a ndéantar cur síos san Iarscríbhinn air agus á chur san áireamh go mbeidh tuilleadh plé le déanamh ar chuid de na saincheisteanna ar an leibhéal teicniúil agus polaitiúil, agus, ag an am céanna, go bhfuil toradh na caibidlíochta maidir le CAI éiginnte go fóill, iarrtar ar an gComhairle a tuairim a chur in iúl maidir leis an gceist seo a leanas:

| |
|---|
| **Cé na gnéithe ríthábhachtacha atá sna tograí le haghaidh athchóiriú CBT nach mór a phlé a thuilleadh, dar leis na hairí?** |

**RÉAMHRÁ**

Is iad na trí Rialachán seo a leanas atá sa togra le haghaidh athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT):

- an Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha faoi CBT, arb é croílár an phacáiste athchóirithe é; is ann a leagtar síos na rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha earnála agus forbartha tuaithe, agus foráiltear d'aistriú chuig samhail seachadta atá bunaithe ar fheidhmíocht nua ("**an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha**");
- an Rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air ("**an Rialachán Cothrománach**");
- an Rialachán lena leasaítear agus lena dtugtar cothrom le dáta na Rialacháin seo a leanas: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (CEM), Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí, agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha ("**an Rialachán leasaitheach**").

**STAID NA hIMEARTHA I LEITH AN RIALACHÁIN MAIDIR LE PLEANANNA STRAITÉISEACHA FAOI CBT**

Ó thús mhí Iúil, d'eagraigh Uachtaránacht na Fionlainne ceithre chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (WP HAQ) lena gcumhdaítear – ar an iomlán – seacht lá oibre chun an togra a fhorbairt tuilleadh ar bhonn thuairimí na dtoscaireachtaí a cuireadh in iúl le linn na gcruinnithe agus i bhfoirm barúlacha i scríbhinn. Ar bhonn phlépháipéir na hUachtaránachta agus dhoiciméid oibre an Choimisiúin, rinneadh tuairimí a mhalartú maidir le gnéithe sonracha den togra. Tugtar tuairisc thíos ar gach ceann de na gnéithe sin.

Gnéithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 15 Iúil 2019, rinne na hairí tuairimí a mhalartú maidir le gnéithe de CBT tar éis 2020 a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol agus leis an aeráid (10622/19). Iarradh ar na hairí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na gnéithe is riachtanaí den togra ón gCoimisiún agus machnamh a dhéanamh ar na feabhsuithe a d'fhéadfaí gá a bheith leo d'fhonn an uaillmhian is inmhianaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de a bhaint amach.

Faoi mar a rinneadh san am a caitheadh, léirigh cuid mhaith toscaireachtaí go dtacaíonn siad i bprionsabal le **leibhéal níos airde uaillmhéine comhshaoil agus aeráide** don CBT amach anseo, mar a mhol an Coimisiún. Mar sin féin, chuir na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé cistiú leordhóthanach a áirithiú do CBT chun go mbeifí in ann teacht leis an uaillmhian sin, go laghdófaí an t-ualach riaracháin do na feirmeoirí agus do na húdaráis araon agus ionas go gcuirfeadh sé ar chumas na mBallstát na riachtanais áitiúla maidir le cur chun feidhme na gceanglas comhshaoil agus aeráide a chur san áireamh. Bhain tuairimí eile le caighdeáin aonair an chórais coinníollachta, ar tuairimí iad atá faoi réir obair theicniúil bhreise, agus tuairimí eile leis an ngá atá le forálacha simplí agus intuigthe a áirithiú d'fheirmeoirí agus do na húdaráis náisiúnta/áitiúla araon. Ina theannta sin, sa phlé a rinneadh ag an cruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí talmhaíochta, díríodh ar an ról nua a bheidh ag na feirmeoirí i ndáil le gníomhú ar son na haeráide, agus, go háirithe, i ndáil le carbón a cheapadh san ithir.

Tá sé d'aidhm ag an uachtaránacht leanúint den phlé ar na gnéithe de CBT a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol agus leis an aeráid i gcruinnithe a bheidh ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) i mí na Samhna. Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta cheana féin éiciscéimeanna, an choinníollacht agus an rialú agus smachtbhannaí lena mbaineann, an raon feidhme maidir leis an imfhálú de 30 % faoi CETFT, chomh maith leis an gcóir a chuirtear ar fheirmeoirí beaga faoin gcoinníollacht. Beidh an t-ábhar seo freisin ar chlár oibre na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Samhain 2019.

Solúbthacht airgeadais maidir le híocaíochtaí díreacha

Mar thoradh ar bharúlacha scríofa na mBallstát agus ar an bplé a rinneadh sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh, d'iarr an Uachtaránacht ar WP HAQ agus ar CST **an tsolúbthacht airgeadais maidir le híocaíochtaí díreacha** a phlé. Is cosúil go bhfuil an t-ábhar seo ar cheann de phríomhthosaíochtaí na dtoscaireachtaí d'fhonn an tSamhail nua Seachadta a chur i bhfearas. Is iad seo a leanas na hábhair is mó a bhí ag déanamh imní do na Ballstát: i) an deacracht a bhaineann leis na gcistí is ceart a chur in áirithe do scéimeanna éiciscéimeanna agus do scéim na bhfeirmeoirí óga a phleanáil roimh ré; ii) a áirithiú nach gcaillfeadh na Ballstáit lena mbaineann cistí i ngeall ar fho-chur nó ró-chur i bhfeidhm na scéimeanna sin.

Mhol an Uachtaránacht go dtabharfaí cead do na Ballstáit **aonadmhéideanna uasta agus íosta a shocrú** (12045/19) chun an tsolúbthacht is inmhianaithe a áirithiú. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí coincheap na huasmhéide/héagsúlachta in Airteagal 89(1) den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT a leathnú tríd an tsuim aonaid réadaithe a bheith ní amháin *níos airde*, ach freisin, a bheith *níos ísle* ná an aonadmhéid bheartaithe in aon bhliain ar leith, laistigh de theorainneacha na híosmhéide/huasmhéide atá dlisteanaithe sa Phlean. D'fhágfadh an t-an athrú atá molta go mbeifí in ann na haonadmhéideanna atá pleanáilte i leith idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha a ísliú chuig an íosmhéid atá leagtha síos sa Phlean agus úsáid a bhaint as na cistí léirscaoilte i leith idirghabhálacha eile ina mbeadh gá le níos mó cistí.

Le linn an phlé a rinneadh ag CST ar an 16 Meán Fómhair, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an tsolúbthacht a moladh. Measadh go rabhthas ag dul sa treo ceart. Mar sin féin, d'iarr roinnt de na Ballstát go gceadófaí raon feidhme na solúbthachta a leathnú chun go gcuimseofaí ann idirghabhálacha neamh-limistéarbhunaithe amhail cineálacha idirghabhála de réir earnála, infheistíochtaí srl. Ina theannta sin, d'iarr roinnt de na Ballstáit go gcuirfí cistiú leordhóthanach ar fáil d'fhonn éiciscéimeanna a choinneáil ar bun. D'iarr siad freisin, i gcás gur lú an glacadh a bheadh ar na scéimeanna thuasluaite ná mar a bhí beartaithe, go ndéanfaí tuilleadh oibre ar an gcaoi a seachnófaí cistí a bheith á fhágáil gan chaitheamh.

Cineálacha idirghabhálacha de réir earnála

Phléigh an CST, ar an 16 Meán Fómhair, moltaí dréachtúcháin na huachtaránachta maidir le cineálacha idirghabhála de réir earnála, go sonrach, an raon feidhme agus na cineálacha comhair idir **'na hearnálacha eile'** a chuimseofar faoi thacaíocht an Aontais. Mhol an uachtaránacht, go háirithe, go dtabharfaí isteach Iarscríbhinn nua [x], ina mbeadh liosta na dtáirgí incháilithe ar bhonn liosta coibhéiseach táirgí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (i.e. "an Rialachán maidir le CEM" atá ann faoi láthair, óna mbeadh na hidirghabhálacha de réir earnála "aistrithe" go dtí an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha).

Mheas tromlach na mBallstát gur ceart go mbeadh an liosta táirgí san Iarscríbhinn mholta iata, ar chúiseanna na deimhneachta dlíthiúla, ar a laghad. Maidir leis na **cineálacha comhair**, ghlac an uachtaránacht leis an smaoineamh sin a rinne Uachtaránacht na Rómáine .i. go gcuirfí deiseanna níos fairsinge ar fáil maidir leis an gcomhar. Dá bhrí sin, chuirfí tacaíocht ar fáil, ní hamháin d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta nó do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, ach do chineálacha eile comhair ag brath ar riachtanais shonracha gach Ballstáit. Anuas air sin, mhol an uachtaránacht go ndéanfaí roinnt mionchoigeartú teicniúil ar na hAirteagail sin a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála de réir earnála.

Measann an uachtaránacht go mbaineann **cuspóirí comhshaoil agus aeráide** na gclár oibríochtúil le huaillmhian fhoriomlán chomhshaoil agus aeráide CBT agus, dá bhrí sin, pléifear an tsaincheist sin an athuair, i mí na Samhna, ach a mbeidh na gnéithe a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis na aeráid ar an gclár oibre.

Sainmhínithe

D'fhonn teacht ar chomhréiteach maidir leis na sainmhínithe agus na dálaí ábhartha, mhol an uachtaránacht go ndéanfaí mionathruithe ar Airteagail 3 agus 4, cé gur soiléiriú teicniúil amháin a bhí i gceist le hAirteagal 3.

Bhain an plé a rinneadh ag CST, ar an 23 Meán Fómhair (12268/19), go sonrach leis an rud is "heicteár incháilithe" agus "fíorfheirmeoir" ann. Maidir leis an rud is "**heicteár incháilithe**" ann, díríodh sna moltaí dréachtúcháin ar uaillmhian chomhshaoil agus aeráide an bheartais a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit na moltaí dréachtúcháin a rinneadh cé gur mheas toscaireachtaí go leor gur theastaigh breis oibre teicniúil go fóill.

Maidir leis an rud is "**fíorfheirmeoir**" ann, is éard a mhol an uachtaránacht an cur i bhfeidhm deonach a choinneáil, agus thíolaic sí dhá rogha mhalartacha do na Ballstáit. B'fhearr le tromlach na dtoscaireachtaí rogha 1 .i. ina dtugtar níos mó solúbthachta do na Ballstáit sa mhéid agus gur féidir leo sainmhíniú dá gcuid féin a thabhairt maidir leis an rud is "fíorfheirmeoir" ann, de réir "critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha", gan aon tagairt shonrach a dhéanamh do thábhacht na gníomhaíochta talmhaíochta *vis-à-vis* gníomhaíochtaí foriomlána eacnamaíocha an fheirmeora.

<u>Forbairt Tuaithe</u>

Chuir an uachtaránacht na moltaí dréachtúcháin maidir leis na cineálacha idirghabhála don fhorbairt tuaithe faoi bhráid WP HAQ ar an 25 Meán Fómhair.

Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an chuid is mó de na moltaí dréachtúcháin sin. Mar sin féin, ní mór marana sa bhreis a dhéanamh ar Airteagal 68 maidir **le hinfheistíochtaí** go háirithe. Bhí éagsúlacht tuairimí ann idir na Ballstáit go háirithe i ndáil le: i) cé mar is féidir eisceachtaí teoranta a shainiú i ndáil le húsáid ionstraimí airgeadais chun talamh a cheannach; ii) leis an leibhéal is ceart a leagan síos chun uasráta tacaíochta i leith infheistíochtaí táirgiúla a shocrú.

<u>Seirbhísí comhairleacha feirme</u>

Ar an 12 Meán Fómhair, phléigh WP HAQ Seirbhísí Comhairleacha Feirme agus chuir an uachtaránacht roinnt moltaí dréachtúcháin faoi bhráid na mBallstát.

Le linn an phlé, díríodh ar cé mar is ceart cur síos a dhéanamh ar an méid nach mór a chur in Airteagal 13 den Uirlis Inbhuanaitheachta Feirme i ndáil le Cothaithigh (FaST). Anuas air sin, chuir roinnt de na Ballstáit in iúl gurbh fhearr leo féin úsáid a bhaint as na huirlisí náisiúnta atá acu cheana féin seachas úsáid a bhaint as FaST. Thug an uachtaránacht le fios gur cheart go mbeadh sé mar phríomhchuspóir uirlis a fhorbairt a mbainfeadh éascaíocht lena húsáid agus, i gcomhar le seirbhísí comhairleacha maithe, a chabhródh le feirmeoirí feabhas a chur ar chothromaíocht na gcothaitheach acu.

Ó tharla go dteastaíonn breis oibre teicniúil go fóill, d'iarr an uachtaránacht ar an gCoimisiún ceardlann saineolaithe a eagrú, a bhféadfadh na Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis a mhalartú maidir le hullmhú na n-uirlisí ábhartha digiteacha.

An tSamhail nua Seachadta (NDM)

Tá plé déanta ag na Ballstáit ar an tsaincheist seo sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh agus i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ó bhí Uachtaránacht na hOstaire ann, agus is iomaí uair soiléiriú agus míniú tugtha ag an gCoimisiún ó bhéal agus i scríbhinn. Ar bhonn an dul chun cinn suntasach a rinne na huachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo, phléigh na toscaireachtaí arís roinnt de na gnéithe a bhaineann leis an tsamhail sin, eadhon na táscairí, na haonadmhéideanna i gcás idirghabhálacha neamh-limistéarbhunaithe/ainmhíbhunaithe, chomh maith le minicíocht na ngarspriocanna (agus tosaíocht tugtha do gharspriocanna débhliantúla, mar a mhol Uachtaránacht na Rómáine), an t-athbhreithniú feidhmíochta, agus an fhaisnéis is ceart a chur ar fáil san athbhreithniú feidhmíochta bliantúil.

Ós rud é gur athrú suntasach é an t-aistriú chuig an mbeartas nua feidhmíochtbhunaithe, ní mór é a mheas go cúramach cáiréiseach ionas go mbeidh na Ballstáit, na feirmeoirí agus tairbhithe eile in ann leas iomlán a bhaint as na deiseanna simplithe a d'fhéadfadh an t-athrú seo a dhéanamh go praiticiúil.

Dá bhrí sin, leanfaidh an uachtaránacht den phlé ar leibhéal CST agus ar leibhéal na Comhairle araon agus déanfaidh sí moltaí dréachtúcháin a thíolacadh i ndáil le praiticiúlacht NDM agus ar cé mar is féidir do na Ballstáit é a chur chun feidhme go héasca.

**STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN COTHROMÁNACH**

Ó thús mhí Iúil, d'eagraigh an uachtaránacht trí chruinniú de chuid na Meithle um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (WP Agrifin) chun an togra a phlé agus a fhorbairt a thuilleadh. Bunaithe ar an bplé seo, tá an uachtaránacht den tuairim go bhfuil an Rialachán Cothrománach cobhsaí a bheag nó a mhór cé is moite do na ceisteanna sin bhaineann leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.

D'fhonn oibriúchán NDM a dhéanamh níos soiléire, chuir an Coimisiún cuir i láthair bhreise ar fáil agus phléigh Meitheal Agrifin NDM ó thaobh an Rialacháin Chothrománaigh de. Déanfaidh an uachtaránacht leasuithe ar na hAirteagail den Rialachán Cothrománach a bhaineann le NDM a mheas más rud é go n-éilíonn na forbairtí i Rialachán an Phlean Straitéisigh é sin.

Anuas air sin, phléigh Meitheal Agrifin prionsabal na hiniúchóireachta aonair agus seiceálacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún sna Ballstáit (Airteagail 46-47).

Maidir le hidirbhearta a ghrinnscrúdú (Airteagail 74-83), níl na Ballstáit ar aon bhuile go fóill, i ndáil leis an leibhéal rialaithe is gá a choinneáil sa bhunghníomh, in ainneoin a bhfuil de shimpliú déanta cheana féin sna moltaí dréachtúcháin ó Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine. Tá moltaí dréachtúcháin eile curtha ag an uachtaránacht faoi bhráid na mBallstát a dhéanann simpliú sa bhreis ar na forálacha.

**STAID NA hIMEARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN LEASAITHEACH**

Mar thoradh ar an obair chuimsitheach a rinneadh le linn Uachtaránacht na hOstaire agus Uachtaránacht na Rómáine, measann an uachtaránacht go bhfuil an Rialachán Cothrománach cobhsaí a bheag nó a mhór.

Leanfaidh an uachtaránacht den scrúdú teicniúil ar an Rialachán Leasaitheach d'fhonn an téacs a dhéanamh níos beaichte fós ó thaobh dlí de. Tá sé beartaithe ag an uachtaránacht, go háirithe, níos mó plé a dhéanamh ar na mionsonraithe teicniúla a bhaineann leis an lipéadú fíona ag an gcruinniú a bheidh ag an Meitheal um Tháirgí Talmhaíochta ar an 25 Deireadh Fómhair.